C/2026/769

3.2.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 12329 -ABERDEEN / DIGITAL BRIDGE GROUP / EQUANS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/769)

1. An 27 Eanáir 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— abrdn Investments Limited ('Aberdeen') faoi rialú Aberdeen Group plc ('Aberdeen Group'), an Ríocht Aontaithe an dá cheann acu,

— DigitalBridge Acquisitions LLC, faoi rialú DigitalGroup Inc ('DigitalBridge'), na Stáit Aontaithe an dá cheann acu,

— EQUANS Infra & Mobility B.V ('EQUANS IM') faoi rialú EQUANS S.A.S., an Ísiltír an dá cheann acu.

Gheobhaidh abrdn Investments Limited agus DigitalBridge rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar EQUANS IM.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann Aberdeen Group bainistiú gníomhach sócmhainní ar fáil do chliaint árachais institiúidigh, mórdhíola agus straitéisigh, mar aon le bainistiú rachmais, pleanáil airgeadais agus seirbhísí comhairle go díreach do chustaiméirí nó trí chomhairleoirí airgeadais. Tá sé liostaithe go poiblí ar Stocmhalartán Londan.

— Bainistíonn DigitalBridge sócmhainní bonneagair agus infheistíonn sé i gcuideachtaí. Cuimsíonn a fhócas infheistíochta bonneagar digiteach, lena n-áirítear lárionaid sonraí, líonraí snáthoptaice, túir, agus sócmhainní nascachta gaolmhara, chomh maith le hiompar, soghluaisteacht ghlan, agus bonneagar aistrithe fuinnimh.

— Is oibreoir pointe luchtaithe, mar a thugtar air, é EQUANS IM, ar leis bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha (atá poiblí den chuid is mó) agus a oibríonn an bonneagar sin go heisiach san Ísiltír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 12329 -ABERDEEN / DIGITAL BRIDGE GROUP / EQUANS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË